Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Nollaig 2022
(OR. en)

15623/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0338(NLE)**

| | |
|---|---|
| PROCIV 149 | ATO 102 |
| ENV 1248 | CSC 561 |
| JAI 1617 | ECOFIN 1279 |
| SAN 650 | CSCI 189 |
| COSI 315 | DATAPROTECT 346 |
| CHIMIE 100 | MI 912 |
| ENFOPOL 619 | CODEC 1916 |
| RECH 645 | COPS 581 |
| CT 220 | JAIEX 103 |
| DENLEG 93 | COPEN 430 |
| COTER 297 | IND 533 |
| RELEX 1657 | POLMIL 297 |
| ENER 654 | IPCR 116 |
| HYBRID 116 | DIGIT 231 |
| TRANS 768 | DISINFO 102 |
| CYBER 397 | CSDP/PSDC 848 |
| TELECOM 512 | MARE 71 |
| ESPACE 125 | POLMAR 78 |

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13713/22, 15454/22 |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le cur chuige comhordaithe ón Aontas chun athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a neartú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, an Moladh ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe ón Aontas chun athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a neartú, mar a ghlac an Chomhairle é ag an 3920ú cruinniú a bhí aici an 8 Nollaig 2022.

**IARSCRÍBHINN**

**MOLADH (AE) 2022/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an…**

**maidir le cur chuige comhordaithe ón Aontas chun athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a neartú**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 agus agus an chéad agus an dara habairt d'Airteagal 292,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Agus é mar aidhm acu feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, is chun leasa na mBallstát uile agus an Aontais ina iomláine bonneagar criticiúil ábhartha a sholáthraíonn seirbhísí fíor-riachtanacha sa mhargadh sin a shainaithint agus a chosaint go soiléir, go háirithe i bpríomhearnálacha cosúil le fuinneamh, bonneagar digiteach, iompar agus spás, chomh maith le bonneagar criticiúil a bhfuil ábharthacht shuntasach trasteorann ag baint leis[1], a bhféadfadh suaitheadh an bhonneagair sin tionchar suntasach a imirt ar Bhallstáit eile.

[1] Ba cheart do na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar ábharthacht den sórt sin i gcomhréir lena gcleachtais náisiúnta agus is féidir leo é sin a dhéanamh bunaithe, i measc tosca eile, ar mheasúnú riosca agus ar thionchar agus chineál an teagmhais.

(2) Léirítear leis an Moladh, ar gníomh neamhcheangailteach é, toil pholaitiúil na mBallstát comhoibriú le chéile agus a dtiomantas do na bearta molta, mar a léiríodh i bplean cúig phointe a d'eisigh Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, agus inniúlachtaí na mBallstát á hurramú go hiomlán. Ní dhéanann an Moladh seo difear do chosaint leasanna bunriachtanacha slándála náisiúnta, shlándála poiblí nó cosanta na mBallstát agus níor cheart a bheith ag meas go gcomhroinnfeadh aon Bhallstát faisnéis atá díobhálach do na leasanna sin.

(3) Cé gur ar na Ballstáit agus ar a gcuid oibreoirí bonneagair chriticiúil atá an phríomhfhreagracht as a áirithiú go ndéanfaidh bonneagar criticiúil cúram den tslándáil agus de sholáthair seirbhísí bunriachtanacha, is iomchuí comhordú méadaithe ar leibhéal an Aontais go háirithe i bhfianaise bagairtí atá ag teacht chun cinn agus a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar roinnt Ballstát ag an am céanna, mar shampla cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus feachtais hibrideacha i gcoinne na mBallstát, nó a dhéanann difear d'athléimneacht agus do dhea-fheidhmiú gheilleagar, mhargadh inmheánach agus shochaí an Aontais ina iomláine. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar bhonneagar criticiúil lasmuigh de chríoch na mBallstát, mar shampla bonneagar criticiúil faoin bhfarraige nó bonneagar fuinnimh amach ón gcósta.

(4) Sna conclúidí uaithi an 20 agus an 21 Deireadh Fómhair 2022, cháin an Chomhairle Eorpach go láidir na gníomhartha sabaitéireachta i gcoinne bonneagar criticiúil, mar shampla na gníomhartha i gcoinne phíblínte Nord Stream, ina léirítear toil an Aontais freagairt aontaithe dhiongbháilte a thabhairt ar aon chur isteach a dhéanfar d'aon ghnó ar bhonneagar criticiúil nó ar gníomhaíochtaí hibrideacha eile.

(5) I bhfianaise thimpeallacht na bagartha atá ag athrú go tapa, ba cheart tús áite a thabhairt do bhearta feabhsaithe athléimneachta a dhéanamh i bpríomhearnálacha cosúil le fuinneamh, bonneagar digiteach, iompar agus spás, agus in earnálacha ábhartha eile arna sainaithint ag na Ballstáit. Ba cheart na bearta sin a bheith dírithe ar athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a fheabhsú agus rioscaí ábhartha á gcur san áireamh, go háirithe éifeachtaí cascáideacha, suaitheadh sa slabhra soláthair, spleáchas, tionchair an athraithe aeráide, díoltóirí agus comhpháirtithe neamhiontaofa agus bagairtí agus feachtais hibrideacha lena n-áirítear ionramháil eachtrach faisnéise agus cur isteach eachtrach. I gcás ina bhfuil bonneagar criticiúil náisiúnta i gceist, i bhfianaise na n-iarmhairtí a d’fhéadfadh a bheith ann, ba cheart tosaíocht a thabhairt don bhonneagar criticiúil a bhfuil ábharthacht shuntasach thrasteorann ag baint leis. Moltar do na Ballstáit bearta feabhsaithe athléimneachta den sórt sin a chur ar fáil, i gcás inarb iomchuí, mar ábhar práinne, agus an cur chuige a leagtar amach sa chreat dlíthiúil athraitheach á choinneáil ag an am céanna.

(6) Faoi láthair, rialaítear cosaint an bhonneagair chriticiúil Eorpaigh in earnálacha an fhuinnimh agus an iompair le Treoir 2008/114/CE ón gComhairle[2] agus déantar slándáil na gcóras gréasáin agus faisnéise ar fud an Aontais, dírithe ar bhagairtí cibearshlándála, a áirithiú le Treoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3]. D'fhonn leibhéal comhchoiteann níos airde athléimneachta a áirithiú agus cosaint a thabhairt do bhonneagar criticiúil, don chibearshlándáil agus don mhargadh airgeadais, tá an creat dlíthiúil atá ann cheana á leasú agus á fhorlíonadh trí rialacha nua is infheidhme maidir le heintitis chriticiúla ('Treoir CEFR') a ghlacadh, rialacha treisithe ar mhaithe le hardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais ('Treoir NIS2') agus rialacha nua is infheidhme maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais ('DORA').

(7) Ba cheart do na Ballstáit, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta, na huirlisí uile atá ar fáil a úsáid chun dul chun cinn a dhéanamh agus chun cabhrú leis an athléimneacht fhisiceach agus leis an gcibear-athléimneacht a neartú. I ndáil leis an méid sin, ba cheart a thuiscint gurb éard atá i mbonneagar criticiúil bonneagar criticiúil ábhartha arna shainaithint ag Ballstát ar an leibhéal náisiúnta nó arna ainmniú mar bhonneagar criticiúil Eorpach faoi Threoir 2008/114/CE chomh maith le heintitis chriticiúla atá le sainaithint faoi Threoir CER nó, i gcás inarb ábhartha, eintitis faoi Threoir NIS2. Ba cheart coincheap na hathléimneachta a thuiscint mar thagairt do chumas bonneagair chriticiúil teagmhais a chuireann isteach go mór ar sholáthar seirbhísí fíor-riachtanacha sa mhargadh inmheánach a chosc, cosaint i gcoinne na dteagmhas sin, freagairt dóibh, cur ina gcoinne, iad a mhaolú, iad a ionsú, freastal orthu nó téarnamh uathu, nó ar féidir leo cur isteach go mór ar sholáthar na seirbhísí sin, ar seirbhísí iad atá ríthábhachtach chun feidhmeanna sochaíocha agus eacnamaíocha ríthábhachtacha, an tsábháilteacht agus an tslándáil phoiblí, sláinte an daonra nó an comhshaol a chothabháil.

---

2 Treoir 2008/114/CE ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 maidir le bonneagair chriticiúla Eorpacha a shainaithint agus a ainmniú agus maidir le measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le cosaint na mbonneagar sin a fheabhsú (IO L 345, 23.12.2008, lch. 75).

3 Treoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 maidir le bearta chun ardleibhéal coiteann slándála líonra agus córas faisnéise a áirithiú ar fud an Aontais (IO L 194, 19.7.2016, lch. 1).

(8) Ba cheart saineolaithe náisiúnta a thionól chun obair a chomhordú chun leibhéal comhchoiteann níos airde athléimneachta agus cosanta a bhaint amach le haghaidh bonneagar criticiúil atá le tabhairt isteach leis na rialacha nua is infheidhme maidir le heintitis chriticiúla. Leis an obair chomhordaithe sin, d'fhéadfaí comhar a dhéanamh idir na Ballstáit agus faisnéis a mhalartú maidir le gníomhaíochtaí ar nós modheolaíochtaí a leagan amach chun seirbhísí fíor-riachtanacha arna soláthar ag bonneagar criticiúil a shainaithint. Tá tosaithe ag an gCoimisiún ar na saineolaithe sin a thionól cheana féin agus ar a gcuid oibre a éascú, agus tá sé ar intinn ag an gCoimisiún leanúint den obair sin. Nuair a thiocfaidh Treoir CER i bhfeidhm agus nuair a bhunófar Grúpa um Athléimneacht na nEintiteas Criticiúil faoin Treoir sin, ba cheart don ghrúpa sin leanúint den obair oirchilleach sin i gcomhréir lena chúraimí.

(9) Agus timpeallacht na bagartha athraithe á haithint, ba cheart tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an bhféidearthacht tástálacha struis a dhéanamh ar bhonneagar criticiúil ar an leibhéal náisiúnta toisc go bhféadfadh tástálacha den sórt sin a bheith úsáideach chun athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a fheabhsú. Maidir le tábhacht shonrach na hearnála fuinnimh, agus iarmhairtí uile-Aontais a eascraíonn as cur isteach a d'fhéadfaí a dhéanamh uirthi, d'fhéadfadh an earnáil sin an tairbhe is mó a bhaint as tástálacha struis a dhéanamh bunaithe ar phrionsabail a chomhaontófaí go comhchoiteann. Tagann tástálacha den sórt sin faoi inniúlacht na mBallstát ar cheart dóibh oibreoirí bonneagair chriticiúil a spreagadh agus tacú leo chun tástálacha den sórt sin a dhéanamh, i gcás ina measfar go bhfuil siad tairbhiúil agus i gcomhréir lena gcreataí dlíthiúla náisiúnta.

(10) Chun freagairt chomhordaithe agus éifeachtach a áirithiú ar bhagairtí reatha agus ar bhagairtí a bhfuiltear ag súil leo, moltar don Choimisiún tacaíocht bhreise a chur ar fáil do na Ballstáit, go háirithe trí fhaisnéis ábhartha a sholáthar i bhfoirm seisiúin faisnéise, lámhleabhair agus treoirlínte neamhcheangailteacha. Ba cheart don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), go háirithe trí Lárionad Faisnéise agus Staide an Aontais agus tríd an gCill Chomhtháthaithe in aghaidh Bagairtí Hibrideacha, ar cill de chuid an Lárionaid sin é, agus tacaíocht á fáil ó Stiúrthóireacht Faisnéise Fhoireann Mhíleata an Aontais Eorpaigh (EUMS) faoi chreat na hAcmhainneachta Aontais Anailíse Faisnéise (SIAC), measúnuithe ar bhagairtí a sholáthar. Iarrtar ar an gCoimisiún freisin, i gcomhar leis na Ballstáit, glacadh tionscadal taighde agus nuálaíochta arna gcistiú ag an Aontas a chur chun cinn.

(11) Agus idirspleáchas an bhonneagair fhisicigh agus dhigitigh ag dul i méid, d'fhéadfadh cur isteach ar bhonneagar fisiceach nó damáiste do bhonneagar fisiceach a bheith mar thoradh ar chibirghníomhaíochtaí mailíseacha lena ndírítear ar réimsí criticiúla, nó d'fhéadfadh sé nach mbeadh rochtain ar sheirbhísí digiteacha de bharr sabaitéireacht ar bhonneagar fisiceach. Iarrtar ar na Ballstáit dlús a chur leis an obair ullmhúcháin chun an creat dlíthiúil nua is infheidhme maidir le heintitis chriticiúla agus an creat dlíthiúil treisithe le haghaidh na cibearshlándála a thrasuí agus a chur i bhfeidhm, ag tógáil ar an taithí a fuarthas laistigh den Ghrúpa Comhair a bhunaítear le Treoir (AE) 2016/1148 ('Grúpa Comhair NIS'), a luaithe is féidir, agus aird á tabhairt ar na teorainneacha ama don trasuí agus ar an dul chun cinn comhthreomhar comhleanúnach ar cheart a dhéanamh san obair ullmhúcháin.

(12) Chomh maith le hullmhacht a fheabhsú, tá sé tábhachtach freisin feabhas a chur ar na cumais chun freagairt go tapa agus go héifeachtach ar chur isteach ar sheirbhísí riachtanacha a chuireann bonneagar criticiúil ar fáil. Dá bhrí sin, tá bearta sa Mholadh seo ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an Aontais araon, lena n-áirítear trí bhéim a leagan ar an ról tacaíochta agus ar an mbreisluach is féidir a fháil trí chomhar treisithe agus malartú faisnéise a chur ar bun i gcomhthéacs Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta (UCPM) a bhunaítear le Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] agus trí úsáid a bhaint as sócmhainní ábhartha Chlár Spáis an Aontais a bhunaítear le Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5].

(13) Déanfaidh an Coimisiún, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (‘an tArdionadaí’) agus an Grúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise, i gcomhar le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí ábhartha sibhialta agus míleata agus líonraí bunaithe, lena n-áirítear an líonra Eorpach um eagrú an idirchaidrimh maidir le cibirghéarcéimeanna (EU-CyCLONe), déanfaidh siad measúnú riosca agus cruthóidh siad cásanna riosca. Ina theannta sin, mar obair leantach Ghlao Aireachta Comhpháirteach Nevers, tá measúnú riosca á dhéanamh faoi láthair ag an nGrúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise, le tacaíocht ón gCoimisiún agus ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA), agus i gcomhar le Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC). Beidh an dá chleachtadh sin comhsheasmhach agus comhordaithe leis an gcleachtadh forbartha cásanna faoi UCPM, lena n-áirítear imeachtaí cibearshlándála agus a dtionchar ar an bhfíorshaol, atá á bhforbairt faoi láthair ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit. Ar mhaithe le héifeachtúlacht, éifeachtacht agus comhsheasmhacht, agus chun an Moladh seo a chur i bhfeidhm go cuí, tá torthaí na gcleachtaí sin in ainm is a bheith léirithe ar an leibhéal náisiúnta.

---

4 Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924).

5 Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69).

(14) Chun ullmhacht agus an inniúlacht a threisiú láithreach chun freagairt do chibirtheagmhas ar mórscála, tá clár gearrthéarmach curtha ar bun ag an gCoimisiún chun tacú leis na Ballstáit, trí chistiú breise a leithdháileadh ar ENISA. Ar na seirbhísí atá beartaithe, i measc seirbhísí eile, áirítear gníomhaíochtaí ullmhachta, mar shampla tástáil treáite eintiteas criticiúil chun leochaileachtaí a shainaithint. Is féidir leis an gclár féidearthachtaí a neartú chun cabhrú leis na Ballstáit i gcás mórtheagmhas cibearshlándála lena ndéantar difear d'eintitis chriticiúla. Is é sin an chéad chéim i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle an 23 Bealtaine 2022 maidir le cibearsheasamh an Aontais a fhorbairt (na 'conclúidí ón gComhairle maidir le cibirsheasamh an Aontais') inar iarradh ar an gCoimisiún togra a chur chun cinn maidir le Ciste Cibiréigeandála. Ba cheart do na Ballstáit leas iomlán a bhaint as na deiseanna sin, i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme agus moltar dóibh leanúint den obair i réimse bhainistiú cibir-ghéarchéime an Aontais, go háirithe trí fhaireachán agus breithniú rialta a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéantar maidir le cur chun feidhme an Treochláir maidir le Bainistiú Cibir-Ghéarchéime a forbraíodh sa Chomhairle le déanaí. Is doiciméad beo é an Treochlár sin agus ba cheart é a athbhreithniú agus a nuashonrú, nuair is gá.

(15) Tá cáblaí domhanda um chumarsáid faoi mhuir bunriachtanach le haghaidh idirnascacht ar fud an domhain agus laistigh den Aontas. Mar gheall ar fhad suntasach cáblaí den sórt sin agus a suiteáil ar ghrinneall na farraige, tá sé an-dúshlánach faireacháin amhairc faoin uisce a dhéanamh ar an gcuid is mó de na codanna cábla. Is cás ar leith iad an dlínse chomhroinnte agus saincheisteanna dlínse eile a bhaineann le cáblaí den sórt sin don chomhar Eorpach agus idirnáisiúnta maidir le cosaint agus téarnamh bonneagair. Dá bhrí sin, is gá na measúnuithe riosca leanúnacha agus pleanáilte maidir le bonneagair dhigiteacha agus fhisiceacha atá mar bhonn le seirbhísí digiteacha a chomhlánú le measúnuithe riosca ar leith agus roghanna maidir le bearta maolaithe a bhaineann le cáblaí cumarsáide faoin muir. Iarrann na Ballstáit ar an gCoimisiún staidéir a dhéanamh chun na críche sin agus na torthaí a chur in iúl do na Ballstáit.

(16) Is féidir tionchar a bheith ag bagairtí a bhaineann le bonneagar digiteach ar na hearnálacha fuinnimh agus iompair freisin, mar shampla i ndáil le teicneolaíochtaí fuinnimh ina neadaítear comhpháirteanna digiteacha. Tá slándáil na slabhraí soláthair gaolmhara tábhachtach chun go leanfar le soláthar na seirbhísí riachtanacha agus chun rialú straitéiseach a dhéanamh ar bhonneagar criticiúil san earnáil fuinnimh. Ba cheart na himthosca sin a chur san áireamh agus bearta á ndéanamh chun athléimneacht bonneagar criticiúil a fheabhsú i gcomhréir leis an Moladh seo.

(17) Mar gheall ar thábhacht mhéadaitheach an bhonneagair spáis, sócmhainní talún spásghaolmhara lena n-áirítear saoráidí táirgthe, agus na seirbhísí spásbhunaithe le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann leis an tslándáil, tá sé riachtanach athléimneacht agus cosaint spás an Aontais agus a shócmhainní agus a sheirbhísí ar talamh san Aontas a áirithiú. Ar na cúiseanna céanna, is den ríthábhacht freisin, faoi chuimsiú an Mholta seo, úsáid níos struchtúrtha a bhaint as sonraí agus seirbhísí spásbhunaithe, sonraí agus seirbhísí a chuireann córais agus cláir spáis ar fáil chun faireachas agus rianú a dhéanamh agus chun bonneagar criticiúil in earnálacha eile a chosaint. I Straitéis Spáis an Aontais um Shlándáil agus Cosaint atá ar na bacáin, molfar gníomhaíochtaí iomchuí i ndáil leis sin, ar cheart iad a chur san áireamh agus an Moladh seo á chur chun feidhme.

(18) Tá gá le comhar ar an leibhéal idirnáisiúnta freisin chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na rioscaí do bhonneagar criticiúil, i measc rudaí eile, in uiscí idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, iarrtar ar na Ballstáit comhoibriú leis an gCoimisiún agus leis an Ardionadaí, céimeanna áirithe a thabhairt i dtreo comhar den sórt sin a bhaint amach, agus aird á tabhairt nach dtabharfar aon chéim mar sin ach amháin i gcomhréir lena gcúraimí agus lena bhfreagrachtaí faoi seach faoi dhlí an Aontais, go háirithe forálacha na gConarthaí maidir leis an gcaidreamh seachtrach.

(19) Mar a bunaíodh sa Teachtaireacht uaidh dar teideal *Commission Contribution to European Defence* [Rannchuidiú an Choimisiúin le cosaint na hEorpa], chun tacú leis an gCompás Straitéiseach don tSlándáil agus don Chosaint - Le haghaidh Aontas Eorpach a chosnaíonn a shaoránaigh, a luachanna agus a leasanna agus a rannchuidíonn leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na bunlínte earnála maidir leis an athléimneacht hibrideach i gcomhar leis an Ardionadaí agus leis na Ballstáit, trí bhearnaí agus riachtanais a shainaithint chomh maith le céimeanna chun aghaidh a thabhairt orthu faoi 2023. Ba cheart don tionscnamh sin bonn eolais a chur faoin obair atá ar siúl faoin Moladh seo, ag cuidiú le neartú a dhéanamh ar chomhroinnt faisnéise agus ar chomhordú na gníomhaíochta maidir leis an athléimneacht a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear athléimneacht an bhonneagair chriticiúil.

(20) I Straitéis slándála muirí an Aontais le haghaidh 2014 agus a plean gníomhaíochta athbhreithnithe, iarradh cosaint mhéadaithe do bhonneagar criticiúil muirí, lena n-áirítear faoin uisce, agus go háirithe iompar muirí, bonneagar fuinnimh agus cumarsáide, i measc nithe eile, trí fheasacht mhuirí a fheabhsú le hidir-inoibritheacht fheabhsaithe agus malartú faisnéise cuíchóirithe (éigeantach agus deonach). Tá an Straitéis sin agus an Plean Gníomhaíochta sin á dtabhairt cothrom le dáta faoi láthair, agus áireofar iontu gníomhaíochtaí feabhsaithe arb é is aidhm dóibh bonneagar criticiúil muirí a chosaint. Ba cheart do na gníomhaíochtaí sin an Moladh seo a chomhlánú.

(21) Trí athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a neartú, rannchuidítear le hiarrachtaí níos leithne chun bagairtí agus feachtais hibrideacha in aghaidh an Aontais agus a Bhallstát a chomhrac. Cuireann an Moladh seo leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle dar teideal *Joint Framework on countering hybrid threats – a European Union response* [Creat Chomhpháirteach maidir le cur i gcoinne bagairtí hibrideacha - freagairt ón Aontas Eorpach]. Tá ról lárnach ag Gníomhaíocht 1 den Chreat Comhpháirteach, eadhon an Suirbhé ar an Riosca Hibrideach, maidir le leochaileachtaí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do struchtúir agus líonraí náisiúnta agus uile-Eorpacha a shainaithint. Ina theannta sin, le cur chun feidhme na gconclúidí ón gComhairle an 21 Meitheamh 2022 maidir le Creat le haghaidh freagairt chomhordaithe ón Aontas ar fheachtais hibrideacha, forálfar do ghníomhaíocht chomhordaithe níos láidre trí Bhosca Uirlisí Hibrideacha an Aontais a chur i bhfeidhm sna réimsí uile lena mbaineann.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

## CAIBIDIL I: AIDHM, RAON FEIDHME AGUS BEARTÚ TOSAÍOCHTA

(1) Leagtar amach sa Mholadh seo sraith gníomhaíochtaí spriocdhírithe ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun tacú le hathléimneacht an bhonneagair chriticiúil agus í a fheabhsú, ar bhonn deonach, agus béim á leagan ar bhonneagar criticiúil a bhfuil ábharthacht shuntasach trasteorann ag baint leis agus i bpríomhearnálacha sainaitheanta cosúil le fuinneamh, bonneagar digiteach, iompar agus spás. Is ullmhacht fheabhsaithe, freagairt fheabhsaithe agus comhar idirnáisiúnta atá i gceist leis na gníomhaíochtaí spriocdhírithe sin.

(2) Faisnéis a chomhroinntear chun cuspóirí an Mholta seo a chomhlíonadh atá rúnda de bhun rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta, chomh maith le rialacha maidir le rúndacht gnó, níor cheart an fhaisnéis sin a mhalartú leis an gCoimisiún agus le húdaráis ábhartha eile ach i gcás ina mbeidh gá leis an malartú sin le haghaidh chur i bhfeidhm cuí an Mholta seo. Ní dhéanann an Moladh seo difear do chosaint leasanna bunriachtanacha shlándáil náisiúnta, shlándáil phoiblí nó chosaint náisiúnta na mBallstát agus níor cheart a bheith ag súil leis go gcomhroinnfeadh aon Bhallstát faisnéis atá díobhálach do na leasanna sin.

## CAIBIDIL II: ULLMHACHT FHEABHSAITHE

### Gníomhaíochtaí ar leibhéal na mBallstát

(3) Ba cheart do na Ballstáit féachaint ar chur chuige uile-ghuaise agus a measúnuithe riosca nó na hanailísí coibhéiseacha atá déanta cheana á dtabhairt cothrom le dáta acu, i gcomhréir le cineál athraitheach na mbagairtí atá ann faoi láthair ar a mbonneagar criticiúil, go háirithe sna príomhearnálacha sainaitheanta agus, i gcás inar féidir, sna hearnálacha uile a chumhdófar leis an gcreat dlíthiúil nua is infheidhme maidir le heintitis chriticiúla atá ar na bacáin.

(4) Iarrtar ar na Ballstáit dlús a chur leis an obair ullmhúcháin agus bearta feabhsúcháin athléimneachta a ghlacadh, i gcás inar féidir, mar a shainordaítear leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme maidir le heintitis chriticiúla atá ar na bacáin, agus béim ar leith á leagan ar an gcomhar agus ar chomhroinnt faisnéise ábhartha i measc na mBallstát agus leis an gCoimisiún, ar eintitis chriticiúla a shainaithint a bhfuil ábharthacht shuntasach trasteorann ag baint leo agus ar fheabhas a chur ar thacaíocht d'eintitis chriticiúla shainaitheanta chun a n-athléimneacht a fheabhsú.

(5) Ba cheart do na Ballstáit tacú le hoiliúint agus cleachtaí na saineolaithe agus le comhroinnt dea-chleachtas agus ceachtanna a foghlaimíodh idir saineolaithe. Ba cheart do na Ballstáit saineolaithe a spreagadh chun páirt a ghlacadh sna hardáin oiliúna atá ann cheana, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, mar shampla faoi UCPM.

(6) Ba cheart do na Ballstáit spreagadh agus tacaíocht a thabhairt d'oibreoirí bonneagair chriticiúil, in earnáil an fhuinnimh ar a laghad, tástálacha struis a dhéanamh, ag cloí le prionsabail a chomhaontaítear go comhpháirteach ar leibhéal an Aontais, i gcás ina bhféadfaí tairbhe a bhaint astu. Ba cheart do thástálacha struis measúnú a dhéanamh ar athléimneacht an bhonneagair chriticiúil i gcoinne bagairtí eascairdiúla de dhéantús an duine. Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith mar aidhm ag na Ballstáit bonneagar criticiúil ábhartha a bheidh le tástáil a shainaithint agus dul i gcomhairle leis na hoibreoirí bonneagair criticiúla sin a luaithe is féidir, agus tráth nach déanaí ná deireadh na chéad ráithe de 2023. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit tacú leis na hoibreoirí bonneagair criticiúla ionas go ndéanfaidh siad na tástálacha sin a luaithe is féidir agus é mar aidhm acu iad a chur i gcrích faoi dheireadh 2023, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Tá sé ar intinn ag an gComhairle measúnú a dhéanamh ar staid na himeartha maidir le tástálacha struis faoi dheireadh mhí Aibreáin 2023.

(7) Mar gheall ar na bagairtí atá ag teacht chun cinn go tapa ar bhonneagar criticiúil, tá sé ríthábhachtach leibhéal ard cosanta an bhonneagair sin a choinneáil ar bun. Moltar do na Ballstáit acmhainní airgeadais leordhóthanacha a leithdháileadh chun acmhainneachtaí a n-údarás náisiúnta ábhartha a neartú, agus chun tacú leo, chun go mbeidh siad in ann athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a fheabhsú. Moltar do na Ballstáit freisin acmhainní airgeadais leordhóthanacha a leithdháileadh ar na húdaráis atá freagrach as teagmhais chibearshlándála ar mórscála a bhainistiú chun tacú leo, agus chun a áirithiú go ndéanfar a bhfoirne freagartha do theagmhais a bhaineann le slándáil ríomhairí (CSIRTanna) agus a n-údaráis inniúla a shlógadh go hiomlán i Líonra CSIRTanna agus in EU-CyCLONe, faoi seach.

(8) Iarrtar ar na Ballstáit, i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme, úsáid a bhaint as deiseanna féideartha cistiúcháin ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun athléimneacht an bhonneagair chriticiúil san Aontas a fheabhsú dóibh féin, agus chun oibreoirí bonneagair chriticiúil a spreagadh chun úsáid a bhaint as na deiseanna cistiúcháin sin, lena n-áirítear mar shampla líonraí tras-Eorpacha, i gcoinne raon iomlán bagairtí suntasacha, go háirithe faoi na cláir arna maoiniú ag an gCiste Slándála Inmheánaí arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], ag UCPM agus ag Plean REPowerEU an Choimisiúin. Moltar do na Ballstáit freisin an leas is fearr is féidir a bhaint as torthaí na dtionscadal ábhartha faoi chláir thaighde, amhail Fís Eorpach arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8].

---

6 Rialachán (AE) 2021/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Slándála Inmheánaí (IO L 251, 15.7.2021, lch. 94).

7 Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus maidir le forálacha sonracha a bhaineann le sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 289).

8 Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1).

(9) Maidir leis an mbonneagar cumarsáide agus líonraí san Aontas, iarrtar ar Ghrúpa Comhair NIS, agus é ag gníomhú dó i gcomhréir le hAirteagal 11 de Threoir (AE) 2016/1148, dlús a chur leis an obair leanúnach atá ar bun aige bunaithe ar Ghlao Aireachta Comhpháirteach Nevers maidir le measúnú riosca spriocdhírithe agus ba cheart dó na chéad mholtaí uaidh a chur i láthair a luaithe is féidir. Ba cheart don mheasúnú riosca sin faisnéis a sholáthar don mheastóireacht trasearnála leanúnach ar chibir-rioscaí agus do chásanna cibearshlándála a iarradh sna conclúidí ón gComhairle maidir le cibirsheasamh an Aontais. Thairis sin, ba cheart an obair sin a dhéanamh trí chomhleanúnachas agus comhlántacht a áirithiú leis an obair a dhéanann sruth oibre Ghrúpa Comhair NIS maidir le slándáil an tslabhra soláthair teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide chomh maith le grúpaí ábhartha eile.

(10) Iarrtar ar an nGrúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise freisin, le tacaíocht ón gCoimisiún agus ó ENISA, leanúint dá chuid oibre maidir le slándáil an bhonneagair dhigitigh, lena n-áirítear i ndáil leis an mbonneagar faoin bhfarraige, eadhon cáblaí cumarsáide faoin bhfarraige. Iarrtar air freisin tús a chur lena chuid oibre ar earnáil an spáis, lena n-áirítear trí threoir bheartais agus modheolaíochtaí agus bearta bainistithe riosca cibearshlándála a ullmhú, i gcás inar gá, bunaithe ar chur chuige uile-ghuaise agus ar chur chuige rioscabhunaithe d’oibreoirí in earnáil an spáis, arb é is aidhm dóibh athléimneacht an bhonneagair ar talamh a thacaíonn le soláthar seirbhísí spásbhunaithe a mhéadú.

(11) Ba cheart do na Ballstáit lánúsáid a bhaint as na seirbhísí ullmhachta cibearshlándála a thairgtear i gclár tacaíochta gearrthéarmach an Choimisiúin arna chur chun feidhme le ENISA, mar shampla tástáil treáite chun leochaileachtaí a shainaithint, agus, sa chomhthéacs sin, moltar dóibh tosaíocht a thabhairt do na heintitis a oibríonn bonneagar criticiúil in earnálacha an fhuinnimh, an bhonneagair dhigitigh agus an iompair.

(12) Ba cheart do na Ballstáit lánúsáid a bhaint as an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála (ECCC). Ba cheart do na Ballstáit a Lárionaid Chomhordúcháin Náisiúnta a spreagadh chun teagmháil réamhghníomhach a dhéanamh le comhaltaí an phobail cibearshlándála chun acmhainneacht a fhorbairt ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun tacaíocht níos fearr a thabhairt d’oibreoirí seirbhísí bunriachtanacha.

(13) Tá sé tábhachtach go mbainfeadh na Ballstáit amach cur chun feidhme na mbeart a moladh i mBosca Uirlisí an Aontais maidir leis an gCibearshlándáil 5G agus go háirithe go n-achtódh na Ballstáit srianta ar sholáthróirí ardriosca, ós rud é gur féidir le cailliúint ama cur le leochaileacht líonraí san Aontas, agus cosaint fhisiceach agus neamhfhisiciúil codanna criticiúla agus íogaire de líonraí 5G a threisiú, lena n-áirítear trí rialuithe rochtana dochta. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit, i gcomhar leis an gCoimisiún, measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le gníomhaíocht chomhlántach chun leibhéal comhsheasmhach slándála agus athléimneachta a áirithiú i dtaca le líonraí 5G.

(14) Ba cheart do na Ballstáit in éineacht leis an gCoimisiún agus ENISA díriú ar chur chun feidhme na gconclúidí ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2022 maidir le slándáil an tslabhra soláthair TFC.

(15) Ba cheart do na Ballstáit an cód líonra atá ar na bacáin le haghaidh gnéithe cibearshlándála de shreabha leictreachais trasteorann a chur san áireamh[...] ag tógáil ar an taithí a fuarthas le cur chun feidhme Threoir (AE) 2016/1148 agus le treoir ábhartha arna soláthar ag Grúpa Comhair NIS, go háirithe an doiciméad tagartha dá chuid maidir le bearta slándála le haghaidh Oibreoirí Seirbhísí Riachtanacha.

(16) Ba cheart do na Ballstáit úsáid Copernicus, Galileo agus Bhreis-seirbhís na hEorpa um Loingseoireacht Gheochobhsaí (EGNOS) a fhorbairt chun faireachas a dhéanamh agus faisnéis ábhartha a chomhroinnt leis na saineolaithe a thionólfar i gcomhréir le pointe 15. Ba cheart leas maith a bhaint as na cumais a chuireann Cumarsáid Satailíte Rialtais (GOVSATCOM) an Aontais ar fáil i gClár Spáis an Aontais chun faireachán a dhéanamh ar bhonneagar criticiúil agus chun tacú le tuar agus freagairt ar ghéarchéimeanna.

**Gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais**

(17) Ba cheart idirphlé agus comhar idir saineolaithe ainmnithe na mBallstát agus leis an gCoimisiún a threisiú, d'fhonn athléimneacht fhisiciúil an bhonneagair chriticiúil a fheabhsú, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) rannchuidiú le hullmhú, forbairt agus cur chun cinn uirlisí coiteanna deonacha chun tacú leis na Ballstáit an t-athléimneacht sin a fheabhsú, lena n-áirítear modheolaíochtaí agus cásanna riosca;

(b) tacú leis na Ballstáit chun an creat dlíthiúil nua is infheidhme maidir le heintitis chriticiúla a chur chun feidhme, lena n-áirítear tríd an gCoimisiún a spreagadh an gníomh tarmligthe a ghlacadh go tráthúil;

(c) tacú leis na tástálacha struis dá dtagraítear i bpointe 6 a dhéanamh, bunaithe ar phrionsabail chomhchoiteanna, ag tosú le tástálacha ag díriú ar bhagairtí trasnánacha de dhéantús an duine san earnáil fuinnimh agus, ina dhiaidh sin, i bpríomhearnálacha eile, chomh maith le tacaíocht agus comhairle a thabhairt maidir le tástálacha struis den sórt sin a dhéanamh, arna iarraidh sin do Bhallstát;

(d) úsáid a bhaint as aon ardán slán, a luaithe a bhunóidh an Coimisiún é, chun dea-chleachtais, ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí náisiúnta agus faisnéis eile a bhaineann leis an athléimneacht sin a bhailiú, a mheas agus a chomhroinnt ar bhonn deonach.

Ba cheart aird ar leith a thabhairt san obair a dhéanann na saineolaithe ainmnithe sin ar spleáchais trasearnála agus bonneagar criticiúil a bhfuil ábharthacht trasteorann ag baint leis, agus ba cheart obair leantach a dhéanamh ina leith sa Chomhairle agus sa Choimisiún i gcás inarb iomchuí.

(18) Moltar do na Ballstáit úsáid a bhaint as aon tacaíocht ón gCoimisiún, mar shampla trí lámhleabhair agus treoirlínte a ullmhú amhail Lámhleabhar maidir le Bonneagar Criticiúil agus Spásanna Poiblí a Chosaint i gcoinne Córais Aerárthaí Gan Foireann, agus uirlisí le haghaidh measúnuithe riosca. Iarrtar ar SEGS, go háirithe trí Lárionad Faisnéise agus Staide an Aontais agus trína Chill Chomhtháthaithe in aghaidh Bagairtí Hibrideacha, le tacaíocht ó Stiúrthóireacht Faisnéise EUMS faoi chuimsiú SIAC, seisiúin faisnéise a sheoladh maidir leis na bagairtí ar bhonneagar criticiúil san Aontas chun an fheasacht staide a fheabhsú.

(19) Ba cheart do na Ballstáit tacú le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun glacadh thorthaí na dtionscadal maidir le hathléimneacht bonneagair chriticiúil arna gcistiú faoi chláir thaighde agus nuálaíochta an Aontais. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún cistiú ar an athléimneacht sin a mhéadú, laistigh den bhuiséad a leithdháiltear ar an gclár Fís Eorpach faoi chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027, gan dochar do chistiú thionscadail taighde agus nuálaíochta eile a bhaineann leis an tslándáil shibhialta faoin gclár Fís Eorpach.

(20) Mar gheall ar an gcúram a ordaítear sna conclúidí ón gComhairle maidir leis an gChibirsheasamh ón Aontas, iarrtar ar an gCoimisiún, ar an Ardionadaí agus an Grúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise an obair le líonraí ábhartha agus le comhlachtaí sibhialta agus míleata a threisiú, i gcomhréir lena gcúraimí agus lena bhfreagrachtaí faoi seach faoi dhlí an Aontais, chun measúnú riosca a dhéanamh agus cásanna riosca cibearshlándála a thógáil, agus tábhacht an fhuinnimh, an bhonneagair dhigitigh, an iompair agus an bhonneagair spáis, agus na hidirspleáchais ar fud na n-earnálacha agus na mBallstát á cur san áireamh go háirithe. Ba cheart na rioscaí gaolmhara don bhonneagar ar a bhfuil na hearnálacha sin ag brath a chur san áireamh sa chleachtadh sin. I gcás ina bhféadfaí tairbhe a bhaint astu, d'fhéadfaí an measúnú riosca agus na cásanna riosca a dhéanamh go tráthrialta agus ba cheart go gcomhlánófaí na measúnuithe riosca atá ann cheana nó atá beartaithe sna hearnálacha sin leo, go gcuirfí leis na measúnuithe sin agus go seachnófaí an dúbláil, agus go gcuirfí eolas ar fáil don phlé maidir le conas athléimneacht fhoriomlán na n-eintiteas a oibríonn an bonneagar criticiúil a neartú agus chun aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí.

(21) Iarrtar ar an gCoimisiún dlús a chur lena ghníomhaíochtaí, i gcomhréir lena chúraimí faoi seach faoi bhainistiú cibir-ghéarchéime, maidir le tacú le hullmhacht na mBallstát i ndáil le teagmhais chibearshlándála ar mórscála agus freagairt na mBallstát ar na teagmhais sin, agus go háirithe:

(a) chun na measúnuithe riosca ábhartha i gcomhthéacs Slándála Gréasáin agus Faisnéise a chomhlánú, staidéar cuimsitheach[9] a dhéanamh ina ndéantar an bonneagar faoin bhfarraige a mheas, eadhon cáblaí cumarsáide faoin bhfarraige, lena nasctar na Ballstáit agus an Eoraip ar bhonn domhanda, agus ba cheart torthaí an staidéir sin a roinnt leis na Ballstáit;

(b) tacú le hullmhacht agus freagairt na mBallstát agus institiúidí, chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí an Aontais ar theagmhais chibearshlándála ar mórscála nó ar mhórtheagmhais, i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil treisithe le haghaidh cibearshlándála agus le rialacha ábhartha eile is infheidhme[10];

(c) dlús a chur le príomhchoincheap an Chiste Cibiréigeandála agus plé cuí a dhéanamh leis na Ballstáit.

(22) Moltar don Choimisiún an obair ar réamhbheart réamhbhreathnaitheach a threisiú, lena n-áirítear comhar leis na Ballstáit faoi Airteagail 6 agus 10 de Chinneadh 1313/2013/AE, agus i bhfoirm pleanáil theagmhasach chun tacú le hullmhacht agus freagairt oibríochtúil an Lárionaid Comhordúcháin Práinnfhreagartha ar shuaití ar an mbonneagar criticiúil; infheistíochtaí a mhéadú i gcur chuige coisctheach agus in ullmhacht an daonra; agus tacaíocht a bhaineann le fothú acmhainneachta faoin Líonra Eolais Eorpach um Chosaint Shibhialta a mhéadú.

---

9 Ba cheart cur síos ar acmhainneachtaí, iomarcaíochtaí, leochaileachtaí, bagairtí agus na rioscaí a bhaineann le hinfhaighteacht seirbhíse, tionchar na gcáblaí neamhfhónaimh faoin bhfarraige (tras-Atlantacha) ar na Ballstáit agus ar an Aontas ina iomláine agus maolú riosca a bheith mar chuid den staidéar sin, agus íogaireacht na faisnéise sin agus an gá atá lena cosaint á gcur san áireamh ag an am céanna.

10 Ba cheart aird ar leith a thabhairt freisin ar na gníomhaíochtaí uile lena n-ullmhaítear freagairt chomhordaithe éifeachtach ar leibhéal an Aontais i gcás cibirtheagmhas mór trasteorann nó bagairt ghaolmhar a d’fhéadfadh tionchar sistéamach a imirt ar earnáil airgeadais an Aontais, mar a shainordaítear leis an gcreat dlíthiúil nua maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil.

(23) Ba cheart don Choimisiún úsáid shócmhainní faireachais an Aontais (Copernicus, Galileo agus EGNOS) a chothú chun tacú leis na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar an mbonneagar criticiúil, agus ar a gcomharsanacht láithreach i gcás inarb ábhartha, agus chun tacú le roghanna faireachais eile dá bhforáiltear i gClár Spáis an Aontais amhail Feasacht Staide an Spáis agus creata faireachais agus rianaithe spáis an Aontais.

(24) I gcás inarb ábhartha agus i gcomhréir lena sainorduithe féin, iarrtar ar ghníomhaireachtaí an Aontais agus ar chomhlachtaí ábhartha eile tacaíocht a sholáthar maidir le hábhair a bhaineann le hathléimneacht an bhonneagair chriticiúil, go háirithe, mar shampla, mar seo a leanas:

(a) Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (EUROPOL) maidir le bailiú faisnéise, anailís choiriúil agus tacaíocht imscrúdaitheach i ngníomhaíochtaí trasteorann um fhorfheidhmiú an dlí agus, i gcás inarb ábhartha, na torthaí a roinnt leis na Ballstáit;

(b) an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) maidir le hábhair a bhaineann le slándáil agus sábháilteacht na hearnála muirí san Aontas, lena n-áirítear seirbhísí faireachais mhuirí le haghaidh na n-ábhar a bhaineann le slándáil agus sábháilteacht mhuirí;

(c) D'fhéadfadh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA) agus Lárionad Satailítí an Aontais (SatCen) a bheith in ann cúnamh a thabhairt trí oibríochtaí laistigh de Chlár Spáis an Aontais;

(d) D'fhéadfadh an Lárionad Inniúlachta maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcibearshlándáil, i gcomhar le ENISA freisin, tacú leis an nuálaíocht agus leis an mbeartas tionsclaíoch sa chibearshlándáil.

**CAIBIDIL III: FREAGAIRT FHEABHSAITHE**

**Gníomhaíochtaí ar leibhéal na mBallstát**

(25) Iarrtar ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) leanúint dá bhfreagairt a chomhordú, i gcás inarb ábhartha, agus an forléargas ar an bhfreagairt trasearnála ar shuaitheadh géar ar sheirbhísí bunriachtanacha arna soláthar ag bonneagar criticiúil a choinneáil. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh faoi chuimsiú Treoirphlean a bheadh ann amach anseo maidir le freagairt chomhordaithe ar shuaitheadh ar an mbonneagar criticiúil a bhfuil ábharthacht shuntasach trasteorann ag baint leis; na socruithe comhtháite maidir le freagairt pholaitiúil ar ghéarchéimeanna (IPCR) atá ann cheana chun an fhreagairt pholaitiúil a chomhordú a mhéid a bhaineann leis an mbonneagar criticiúil a bhfuil ábharthacht trasteorann ag baint leis; an Treoirphlean maidir le teagmhais agus géarchéimeanna cibearshlándála mórscála faoi Mholadh (AE) 2017/1584 ón gCoimisiún[11]; EU-CyCLONe; sa Chreat le haghaidh freagairt chomhordaithe ón Aontas ar fheachtais hibrideacha agus ar Bhosca Uirlisí Hibrideacha an Aontais i gcás bagairtí agus feachtais hibrideacha; agus sa Chóras Mear-Rabhaidh i gcás bréagaisnéise;

(b) malartú faisnéise ar an leibhéal oibríochtúil le ERCC a mhéadú i gcomhthéacs an tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta chun luathrabhadh a fheabhsú agus a bhfreagairt faoin Sásra a chomhordú i gcás suaití ar an mbonneagar criticiúil lena mbaineann ábharthacht shuntasach trasteorann, agus ar an gcaoi sin freagairt níos tapúla, éascaithe ag an Aontas, a áirithiú nuair is gá;

(c) a n-ullmhacht chun freagairt, i gcás inarb ábhartha, trí uirlisí atá ann cheana nó atá le forbairt a mhéadú maidir leis na suaití suntasacha sin dá dtagraítear i bpointe (a);

[11] Moladh (AE) 2017/1584 ón gCoimisiún an 13 Meán Fómhair 2017 maidir le freagairt chomhordaithe ar theagmhais agus géarchéimeanna mórscála cibearshlándála (IO L 239, 19.9.2017, lch. 36).

(d) teagmháil a dhéanamh chun acmhainneachtaí freagartha ábhartha a fhorbairt a thuilleadh sa Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta agus in rescEU;

(e) oibreoirí bonneagair chriticiúil agus údaráis náisiúnta ábhartha a spreagadh chun a n-acmhainneachtaí a fheabhsú ionas go mbeidh siad in ann feidhmíocht bhunúsach na seirbhísí bunriachtanacha a sholáthraíonn na hoibreoirí bonneagair chriticiúil sin a athbhunú go tapa;

(f) oibreoirí bonneagair chriticiúil a spreagadh, agus a mbonneagar criticiúil á atógáil acu, chun é a thógáil lena bheith chomh athléimneach agus is féidir, agus comhréireacht na mbeart a mhéid a bhaineann le measúnuithe riosca agus costais á cur san áireamh, maidir le raon iomlán na rioscaí suntasacha a bhféadfadh feidhm a bheith acu maidir leis, lena n-áirítear i gcásanna díobhálacha aeráide.

(26) Iarrtar ar na Ballstáit dlús a chur leis an obair ullmhúcháin, i gcás inar féidir, mar a shainordaítear sa chreat dlí atreisithe maidir leis an gcibearshlándáil, trí é a bheith mar aidhm cumais náisiúnta na CSIRTanna a fheabhsú, i bhfianaise chúraimí nua CSIRTanna chomh maith le líon méadaithe na n-eintiteas ó earnálacha nua, a straitéisí cibearshlándála a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go tráthúil agus pleananna náisiúnta maidir le teagmhais chibearshlándála agus freagairt ar ghéarchéimeanna cibearshlándála a ghlacadh a luaithe is féidir, murar ann dóibh cheana.

(27) Iarrtar ar na Ballstáit féachaint, ar an leibhéal náisiúnta, ar na modhanna is ábhartha chun a áirithiú go mbeidh na geallsealbhóirí ábhartha ar an eolas faoin ngá atá le hathléimneacht an bhonneagair chriticiúil a chur chun cinn trí chomhar le díoltóirí agus le comhpháirtithe iontaofa. Tá sé tábhachtach infheistíocht a dhéanamh in acmhainneacht bhreise, go háirithe sna hearnálacha ina bhfuil an bonneagar atá ann faoi láthair ag deireadh a shaolré (mar shampla bonneagar cáblaí cumarsáide faoin bhfarraige), chun a bheith in ann leanúnachas i soláthar seirbhísí bunriachtanacha a áirithiú i gcás suaitheadh, agus chun spleáchais nach dteastaíonn a laghdú.

(28) Moltar do na Ballstáit aird a thabhairt ar chumarsáid straitéiseach réamhghníomhach ar an leibhéal náisiúnta i gcomhthéacs cur i gcoinne bagairtí agus feachtais hibrideacha, agus ó tharla go bhféadfadh comhraiceoirí a bheith ag iarraidh dul i mbun cúbláil agus trasnaíocht faisnéise eachtrach trí insintí a mhúnlú maidir le teagmhais a dhíríonn ar an mbonneagar criticiúil.

**Gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais**

(29) Iarrtar ar an gCoimisiún oibriú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, chun comhlachtaí, ionstraimí agus acmhainneachtaí freagartha ábhartha a fhorbairt a thuilleadh, d'fhonn ullmhacht oibríochtúil a fheabhsú chun aghaidh a thabhairt ar na héifeachtaí láithreacha indíreacha a bhaineann le suaitheadh suntasach ar sheirbhísí bunriachtanacha ábhartha arna soláthar ag bonneagar criticiúil, go háirithe na saineolaithe agus na hacmhainní atá ar fáil trí ECPP agus trí rescEU faoi UCPM, nó faoi Fhoirne Mearfhreagartha Hibrideacha a bhunófar amach anseo.

(30) Agus an timpeallacht bagairtí atá ag síorathrú á chur san áireamh agus i gcomhar leis na Ballstáit, iarrtar ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh i gcomhthéacs an tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta:

(a) anailís agus tástáil leanúnach a dhéanamh ar leordhóthanacht agus ar ullmhacht oibríochtúil na n-acmhainneachtaí freagartha atá ann cheana;

(b) faireachán rialta a dhéanamh ar bhearnaí a d'fhéadfadh a bheith suntasach sna hacmhainneachtaí freagartha in ECPP agus in acmhainneachtaí rescEU agus iad a shainaithint;

(c) comhar trasearnála a threisiú a thuilleadh chun freagairt leordhóthanach a áirithiú ar leibhéal an Aontais, agus oiliúint nó cleachtaí rialta a eagrú chun an comhar sin a thástáil trí chomhoibriú le Ballstát amháin nó níos mó;

(d) ERCC a fhorbairt a thuilleadh mar mhol éigeandála trasearnála ar leibhéal an Aontais chun an tacaíocht a thugtar do na Ballstáit a ndéantar difear dóibh a chomhordú.

(31) Tá an Chomhairle tiomanta d’obair a thionscnamh d’fhonn Treoirphlean a fhormheas maidir le freagairt chomhordaithe ar shuaitheadh bonneagair chriticiúil a bhfuil ábharthacht shuntasach trasteorann ag baint leis, lena ndéantar cur síos agus lena leagtar amach na cuspóirí agus na modhanna comhair idir na Ballstáit agus institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais chun freagairt ar theagmhais in aghaidh an bhonneagair chriticiúil sin. Tá an Chomhairle ag tnúth leis an dréacht den Treoirphlean sin ón gCoimisiún, ag tógáil ar an tacaíocht agus ar ionchuir ó na gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais. Beidh an Treoirphlean go hiomlán comhleanúnach agus idir-inoibritheach le prótacal oibríochtúil athbhreithnithe an Aontais chun bagairtí hibrideacha a chomhrac (‘EU Playbook’) agus cuirfear san áireamh ann an Treoirphlean atá ann cheana maidir le freagairt chomhordaithe ar theagmhais[12] agus géarchéimeanna cibearshlándála trasteorann ar mórscála agus sainordú CyCLONe an Aontais a shonraítear i dTreoir NIS2 agus déanfar dúbláil struchtúr agus gníomhaíochtaí a sheachaint. Ba cheart lánurraim a thabhairt do na socruithe IPCR atá ann cheana sa Treoirphlean sin chun an fhreagairt a chomhordú.

[12] Moladh (AE) 2017/1584 ón gCoimisiún an 13 Meán Fómhair 2017 maidir le freagairt chomhordaithe ar theagmhais agus géarchéimeanna mórscála cibearshlándála.

(32) Iarrtar ar an gCoimisiún dul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí agus na saineolaithe ábhartha faoi bhearta iomchuí maidir le teagmhais shuntasacha fhéideartha i ndáil leis an mbonneagar faoin bhfarraige, ar bearta iad a chuirfear i láthair i gcomhar leis an staidéar breithniúcháin dá dtagraítear i bpointe 20(a), chomh maith le pleanáil theagmhasach, cásanna riosca, agus spriocanna athléimneachta an Aontais a mhionsaothrú a thuilleadh, mar a leagtar amach i gCinneadh Uimh. 1313/2013/AE iad.

**CAIBIDIL IV: COMHAR IDIRNÁISIÚNTA**

**Gníomhaíochtaí ar leibhéal na mBallstát**

(33) Ba cheart do na Ballstáit comhoibriú, i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir le dlí an Aontais, le tríú tíortha ábhartha maidir le hathléimneacht an bhonneagair chriticiúil lena mbaineann ábharthacht shuntasach trasteorann.

(34) Moltar do na Ballstáit comhoibriú leis an gCoimisiún agus leis an Ardionadaí chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na rioscaí a bhaineann leis an mbonneagar criticiúil in uiscí idirnáisiúnta.

(35) Iarrtar ar na Ballstáit rannchuidiú, i gcomhar leis an gCoimisiún agus leis an Ardionadaí, le forbairt agus cur chun feidhme brostaithe Bhosca Uirlisí Hibrideacha an Aontais agus leis na treoirlínte cur chun feidhme dá dtagraítear sna conclúidí ón gComhairle an 21 Meitheamh 2022 maidir le Creat le haghaidh freagairt chomhordaithe ón Aontas ar fheachtais hibrideacha agus iad a úsáid ina dhiaidh sin, chun éifeacht iomlán a thabhairt don Chreat le haghaidh freagairt chomhordaithe ón Aontas ar fheachtais hibrideacha go háirithe agus freagairtí cuimsitheacha comhordaithe ón Aontas ar fheachtais hibrideacha agus bagairtí hibrideacha á mbreithniú agus á n-ullmhú, lena n-áirítear iad siúd i gcoinne oibreoirí an bhonneagair chriticiúil.

**Gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais**

(36) Iarrtar ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí tacaíocht a thabhairt, i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir lena gcúraimí agus lena bhfreagrachtaí faoi seach faoi dhlí an Aontais, do thríú tíortha ábhartha chun feabhas a chur ar athléimneacht an bhonneagair chriticiúil ar a gcríoch agus go háirithe ar bhonneagar criticiúil atá nasctha go fisiceach lena gcríoch agus le críoch Ballstáit.

(37) Déanfaidh an Coimisiún agus an tArdionadaí, i gcomhréir lena gcúraimí agus lena bhfreagrachtaí faoi seach faoi dhlí an Aontais, an comhordú le ECAT a neartú maidir le hathléimneacht an bhonneagair chriticiúil leasa choitinn tríd an idirphlé struchtúrtha idir an tAontas agus ECAT maidir leis an athléimneacht, agus inniúlachtaí an Aontais agus na mBallstát á n-urramú go hiomlán i gcomhréir leis na Conarthaí agus na príomhphrionsabail lena dtreoraítear an comhar idir an tAontas agus ECAT mar a chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach, go háirithe cómhalartacht, cuimsitheacht agus neamhspleáchas cinnteoireachta. Sa chomhthéacs sin, tabharfar an comhar sin chun cinn laistigh den Idirphlé Struchtúrtha maidir le hAthléimneacht idir an tAontas agus ECAT, atá mar chuid den sásra ó fhoireann go foireann atá ann cheana chun na Dearbhuithe Comhpháirteacha a chur chun feidhme, agus trédhearcacht agus rannpháirtíocht iomlán na mBallstát uile á n-áirithiú ag an am céanna.

(38) Iarrtar ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar ionadaithe ó thríú tíortha ábhartha a bheith rannpháirteach, i gcás inar gá agus inarb iomchuí, faoi chuimsiú an chomhair agus an mhalartaithe faisnéise idir na Ballstáit i réimse athléimneacht an bhonneagair chriticiúil, atá nasctha go fisiciúil le críoch Ballstáit agus le críoch tríú tír.

Arna dhéanamh in ..., an …

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán